Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Bealtaine 2019
(OR. en)

9566/19

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2018/0203(COD)**
**2018/0204(COD)**

**JUSTCIV 128**
**EJUSTICE 84**
**COMER 76**
**CODEC 1130**

## NÓTA

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9460/19 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9622/18, 9620/18 |
| Ábhar: | Digiteáil an chomhair bhreithiúnaigh<br>Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha a sheirbheáil sna Ballstáit in ábhair shibhialta nó in ábhair thráchtála (seirbheáil doiciméad)<br>Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001 ón gComhairle an 28 Bealtaine 2001 maidir le comhar idir cúirteanna na mBallstát i dtaca le fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó thráchtála<br>- Díospóireacht bheartais |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ghlac an Coimisiún na tograí le haghaidh athbhreithniú thuasluaite[1] ar an 31 Bealtaine 2018, agus chuir sé faoi bhráid na Comhairle agus na Parlaiminte iad. Is é is bunús dlí leo Airteagal 81 (comhar breithiúnach in ábhair shibhialta) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus tá siad faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh. Tá measúnú tionchair[2] ag gabháil leis an dá thogra.

2. Le Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 maidir le doiciméid a sheirbheáil, cuirtear nós imeachta mear slán agus caighdeánaithe i bhfeidhm i dtaca le doiciméid in ábhair shibhialta nó in ábhair thráchtála idir cúirteanna agus páirtithe eile atá lonnaithe i mBallstáit éagsúla. Ar cheann de mhórchuspóirí an togra le haghaidh athbhreithniú an rialacháin maidir le doiciméid a sheirbheáil, tá: na sásraí comhair agus na sreafaí oibre tarchuir atá sa rialachán atá ann cheana a chur in oiriúint do na forbairtí teicniúla a chuireann an digitiú ar fáil. Ar an gcaoi sin, ba cheart éifeachtúlacht seirbheála doiciméad a fheabhsú trí tharchur agus seirbheáil leictreonach níos sábháilte agus níos tapa a chur chun cinn.

[1] 9620/18; 9622/18.
[2] 9620/18 ADD1 + ADD2; 9622/18 ADD1 + ADD2.

3. Is ionstraim thábhachtach don chomhar Eorpach breithiúnach i nglacadh fianaise in ábhair shibhialta nó thráchtála atá i Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001 ón gComhairle maidir le comhar idir cúirteanna na mBallstát. Is é is cuspóir don ionstraim sin creat a chur ar fáil le haghaidh cúnamh breithiúnach trasteorann idir na Ballstáit in ábhair shibhialta agus thráchtála trí bhailiú fianaise thar theorainneacha a éascú. Is é is aidhm don togra le haghaidh athbhreithniú an Rialacháin maidir le Fianaise a Ghlacadh córas a bhunú ar fud an Aontais chun iarrataí ar fhianaise a ghlacadh agus a fhorghníomhú, a tharchur go díreach agus go mear trí bhuntáistí an digitithe a shaothrú.

4. Dá bhrí sin, is é príomhchuspóir an dá thogra le haghaidh athbhreithniú, mar aon le roinnt feabhsuithe eile[3], aghaidh a thabhairt ar an ngá le nuachóiriú, go háirithe trí dhigitiú agus trí úsáid theicneolaíocht TF, malartuithe trasteorann idir cúirteanna, údaráis agus gníomhaireachtaí a mhéid a bhaineann le fianaise a ghlacadh agus doiciméid a sheirbheáil, agus, ag an am céanna, coimircí nós imeachta a neartú. Iarrann na tograí ón gCoimisiún go mbunófaí córas éigeantach leictreonach díláraithe TF chun na críche sin. Chuige sin, léiríonn siad na prionsabail ghinearálta a leagtar amach sa Straitéis maidir le r-Cheartas Eorpach 2014-2018, a ghlac an Chomhairle i mí na Nollag 2013[4].

---

[3] Lena n-áirítear úsáid dhíreach an ghlactha fianaise a chur chun cinn trí fhíschomhdháil, rud a bhaineann leis an digitiú freisin.

[4] Foilsithe san Iris Oifigiúil ar an 21 Nollaig 2013 (2013/C 376/06).

5. Ar an 13 Feabhra 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh i dtaca leis an togra maidir le doiciméid a sheirbheáil, ina raibh 64 leasú ar an togra ón gCoimisiún, le 563 vóta in aghaidh 27 vóta, agus 9 staonadh, agus, a seasamh ar an gcéad léamh i dtaca leis an togra maidir le fianaise a ghlacadh, ina raibh 37 leasú ar an togra ón gCoimisiún, le 554 vóta in aghaidh 26 vóta, agus 9 staonadh. Sna seasaimh uaithi, cuireann an Pharlaimint in iúl gur cheart go ndéanfaí digitiú an chomhair bhreithiúnaigh i gcomhthéacs an dá thogra le chéile trí chóras díláraithe TF lena gcuimsítear córais náisiúnta TF atá idirnasctha ag bonneagar cumarsáide lena gcumasaítear malartú slán agus iontaofa trasteorann faisnéise i bhfíor-am idir córais náisiúnta TF. Ba cheart córas díláraithe TF den sórt sin a bheith bunaithe ar chóras e-CODEX[5] arna bhainistiú ag eu-LISA[6].

6. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim[7] maidir leis na tograí sin ar an 17 Deireadh Fómhair 2018. Mheas Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an dá thogra a bheith i gcomhréir leis an straitéis um mhargadh digiteach maidir le ríomhrialachas, go háirithe i dtaca leis an ngá atá le céimeanna a ghlacadh chun an riarachán poiblí a nuachóiriú agus chun idir-inoibritheacht trasteorann a bhaint amach.

7. De bhun Airteagal 3 de Phrótacal (Uimh. 21) a ghabhann leis na Conarthaí maidir le Seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, chinn Éire an dá thogra a ghlacadh agus chinn an Ríocht Aontaithe an togra maidir le doiciméid a sheirbheáil a ghlacadh. Níor bhain an Ríocht Aontaithe leas as an bhféidearthacht atá leagtha amach in Airteagal 3 de Phrótacal (Uimh. 21) a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an togra maidir le fianaise a ghlacadh. I gcur i bhfeidhm Phrótacal (Uimh. 22) a ghabhann leis na Conarthaí maidir le seasamh na Danmhairge, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na mbeart atá beartaithe.

[5] Cumarsáid r-Cheartais trí Mhalartú Sonraí Ar Líne.
[6] An Ghníomhaireacht Eorpach le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórscála i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais.
[7] 14013/18.

## II. DIGITIÚ AN CHOMHAIR BHREITHIÚNAIGH

### a) Na tograí ón gCoimisiún

8. Molann an Coimisiún infhaighteacht agus úsáid éigeantach (seachas in imthosca eisceachtúla) chóras díláraithe TF i gcomhthéacs an dá thogra le haghaidh athbhreithniú. Tá dhá údar leis sin. Ar thaobh amháin, bhainfeadh breisluach le húsáid éigeantach trí na hiarrataí a tharchur níos tapúla agus trí imeachtaí trasteorann níos saoire (cé go dtabhófaí leis sin costais tosaigh maidir le córais náisiúnta a bhunú). Ar an taobh eile, thabharfadh cur chuige díláraithe na córais náisiúnta TF atá ann cheana ar aird, chuirfeadh sé teorainn leis an tionchar ar réitigh náisiúnta TF agus thabharfadh sé deiseanna chun comhtháthú teicniúil níos dlúithe a dhéanamh. Ní ainmnítear réiteach sonrach bogearraí sna tograí ón Coimisiún agus fágtar an tsonraíocht theicniúil sin leis na gníomhartha cur chun feidhme. Mar sin féin, sna Measúnuithe Tionchair ón gCoimisiún a ghabhann leis an dá thogra, meastar gurb é e-CODEX an córas TF is oiriúnaí agus an gurb é an t-aon chóras TF atá ar fáil go héasca. D'fhágfadh forbairt córais dhíláraithe eile go gcaithfí dul i ngleic leis na dúshláin chéanna ar tugadh aghaidh orthu cheana i gcomhthéacs fhorbairt an chórais e-CODEX.

### b) Staid na himeartha sa Chomhairle

9. Scrúdaigh an Mheitheal um Ábhair Dlí Sibhialta (Doiciméid a Sheirbheáil/Glacadh Fianaise) an dá thogra le haghaidh athbhreithniú go rialta ó fuarthas iad ón gCoimisiún in 2018. Le linn na caibidlíochta ar an leibhéal teicniúil, bhí an digitiú ar cheann de na gnéithe is mó a ndearnadh díospóireacht uirthi.

10. Cé gur cosúil go bhfuil comhaontú forleathan ann faoin ngá atá leis an gcomhar breithiúnach ar leibhéal an Aontais a nuachóiriú i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta a leagtar amach sa Straitéis maidir le r-Cheartas Eorpach 2014-2018, a ghlac an Chomhairle i mí na Nollag 2013[8], léiríodh roinnt tuairimí éagsúla maidir leis na gnéithe seo a leanas le linn an idirphlé a rinneadh i Meitheal na Comhairle:

i) úsáid éigeantach nó neamhéigeantach córais TF;

ii) córas TF láraithe seachas díláraithe;

iii) réiteach TF atá ann cheana a úsáid seachas réiteach nua a bhunú;

iv) an costas a bhaineann le córas TF a bhunú agus a úsáid.

11. Maidir le hinfhaighteacht agus úsáid éigeantach nó neamhéigeantach córais TF, is cosúil go bhfuil deighilt ann i measc sheasaimh na dtoscaireachtaí. Moladh cur chuige neamhéigeantach chun an tsolúbthacht atá riachtanach do na Ballstáit a chur ar fáil, rud a d'fhágfadh gur féidir leo digitiú na mbreithiúna a oiriúnú agus a fhorbairt ar a luas féin. Ní hionann, áfach, córas TF a úsáid le haghaidh malartuithe le Ballstáit eile i gcomhthéacs doiciméid a sheirbheáil agus fianaise a ghlacadh agus digitiú foriomlán na mbreithiúna ar an leibhéal náisiúnta. Ina theannta sin, b'fhéidir nach gcuirfeadh úsáid dheonacha an ghiaráil ná na dreasachtaí leordhóthanacha ar fáil chun nuachóiriú níos tapúla a dhéanamh ar chomhar trasteorann breithiúnach. Cé gur féidir cumarsáid leictreonach a dhéanamh cheana féin i gcomhthéacsanna eile (i.e. an nós imeachta maidir leis an Ordú Íocaíochta Eorpach), is léir ón taithí gur annamh a úsáidtear an meán sin ar bhonn deonach. Le cur chuige éigeantach sharófaí an drogall a bhaineann le réitigh dhigiteacha a úsáid in imeachtaí trasteorann. Chuir roinnt toscaireachtaí an tuairim i láthair go bhféadfaí cur chuige eile a shaothrú i dtaca leis an dá thogra le haghaidh athbhreithniú, agus aird á tabhairt, mar shampla, ar an gcaoi a bhféadfadh údar a bheith le córas éigeantach TF a úsáid chun doiciméid a sheirbheáil, agus nár ghá go mbeadh údar lena úsáid chun fianaise a ghlacadh. Mar sin féin, níl anailís déanta ar chur chuige difreálaithe den sórt sin fós, a mhéid a bhaineann leis an údar atá leis agus na himpleachtaí a bhaineann leis do na gnéithe eile den dá thogra le haghaidh athbhreithniú.

[8] Foilsithe san Iris Oifigiúil ar an 21 Nollaig 2013 (2013/C 376/06).

12. I dtaca le córas láraithe nó díláraithe TF a úsáid, is cosúil gurb é rogha thromlach na dtoscaireachtaí an cur chuige díláraithe. Mar a luadh cheana, urramóidh an cur chuige díláraithe seo córais TF náisiúnta atá ann cheana agus chuirfeadh sé teorainn leis an tionchar ar réitigh náisiúnta TF ós rud é go bhféadfaí idirnascadh rianúil a dhéanamh leis na córais sin leis. Thabharfadh sé sin le tuiscint, áfach, go mbeadh costas níos airde ar na Ballstáit. Mar a tharlaíonn sé, leag na toscaireachtaí sin atá ar son cur chuige láraithe, béim go príomha ar an mbuntáiste a bhainfeadh leis na costais a thabhú ó bhuiséad an Aontais seachas ó na buiséid náisiúnta.

13. A mhéid a bhaineann le réiteach TF atá ann cheana a úsáid nó réiteach nua a bhunú, is cosúil go bhfuil deighilt ann idir seasaimh na dtoscaireachtaí. Tá e-CODEX ar cheann na réitigh atá ann cheana, córas a d'fhorbair cuibhreannas Ballstát thar bheagnach deich mbliana le tacaíocht airgeadais ón Aontas. Faoi láthair, úsáidtear e-CODEX chun na críocha seo a leanas: Córas Idirnasctha na gClár Gnó (BRIS)[9]; idirnascadh na gclár náisiúnta dócmhainneachta[10]; an Córas um Mhalartú Digiteach r-Fhianaise[11]. Mar sin féin, ós rud é go bhfuil cásanna a bhaineann le comhar deonach i gceist, níl e-CODEX á chur chun feidhme agus á úsáid sna Ballstáit go léir go fóill. Sa chomhthéacs sin, le linn an idirphlé sa Mheitheal, i gcás na mBallstát nach bhfuil aon chórais TF ann faoi láthair a thacaíonn le nósanna imeachta leictreonacha, d'fhéadfadh an Coimisiún breithniú a dhéanamh ar réiteach cur chun feidhme tagartha a fhorbairt maidir le córas cúil ar an leibhéal náisiúnta, ar choinníoll go mbeidh tacaíocht láidir agus leathan a dhóthain ann, ó na toscaireachtaí, don chumarsáid leictreonach éigeantach. Bheadh ar na córais go léir a bheith idir-inoibritheach le chéile agus i gcomhréir leis an tacar céanna sonraíochtaí teicniúla (prótacail, caighdeáin, scéimrí XML agus sreafaí oibre).

9 Arna bhunú le Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí.

10 Arna bhunú le Rialachán (AE) 2015/848 maidir le nósanna imeachta dócmhainneachta.

11 Bunaithe ag conclúidí 2018 ón gComhairle, maidir le 'Aitheantas frithpháirteach a chur chun cinn trí iontaoibh fhrithpháirteach a fheabhsú'.

14. Maidir leis na costais a bhaineann le bunú agus le húsáid córais TF, luaitear sna Measúnuithe Tionchair ón gCoimisiún, mar mheánmheastacháin tháscacha costais, EUR 15.000 chun e-CODEX a chur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta agus idir 20.000 – EUR 50.000 chun córas cúil náisiúnta láraithe a fhorbairt. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil cistiú curtha ar fáil ag an gCoimisiún, faoin gClár um Cheartas agus faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa araon, i gcreat an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil reatha, atá dírithe ar rochtain ar cheartas agus ar chomhar breithiúnach a dhigitiú. Tá a meastacháin féin maidir le costais déanta ag roinnt Ballstát, áfach, agus is é an tátal réamhráiteach atá acu go mbeadh na costais sin níos airde ná meastacháin an Choimisiúin. Is cosúil go mbeadh gá lena thuilleadh anailíse ar chostais chun go mbeadh tuiscint níos fearr ag roinnt toscaireachtaí ar na himpleachtaí a bhaineann leis an dá thogra le haghaidh athbhreithniú ar a gcórais náisiúnta.

## III. <u>DÍOSPÓIREACHT BHEARTAIS</u>

15. I bhfianaise an phlé a rinneadh ar leibhéal na meithle, beidh comhréitigh fhéideartha faoi gnéithe coiteanna an digitithe den dá thogra ag brath ar a bhforbairt bhreise. D'fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar úsáid éigeantach córais TF a choinneáil dá dtarlódh sin i gcomhthéacs idirthréimhse níos faide chun an úsáid a dhéanamh éigeantach agus chun a mheas an gceadófaí díolúintí (atá le sainaithint) lena mbeadh raon feidhme ann le haghaidh seirbheáil thraidisiúnta pháipéarbhunaithe doiciméad agus glacadh fianaise. Ba cheart é sin a dhéanamh i gcomhar le tuilleadh oibre lena ndíreofaí ar na costais a thabhódh na Ballstáit a shainaithint. D'fhéadfaí úsáid neamhéigeantach córais TF a bhreithniú freisin. Ba cheart, áfach, é sin a mheas a mhéid a bhaineann le breisluach an athbhreithnithe ar an dá rialachán agus impleachtaí praiticiúla an athbhreithnithe sin, agus na saincheisteanna a leagtar amach i míreanna 11 agus 13 á gcur san áireamh.

16. D'fhonn tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh i dtaca leis an dá chomhad seo, measann an Uachtaránacht go bhfuil gá le plé ar leibhéal na n-airí faoi na gnéithe den digitiú, ós rud é go bhfuil ról tábhachtach acu sa dá thogra. Tá sé tábhachtach a chur san áireamh go bhfuil méadú tagtha ar líon na gcásanna trasteorann agus gurb amhlaidh a bheidh i bhfianaise an mhéadaithe ar líon na n-idirbheart trasteorann agus líon méadaithe na n-ionstraimí reachtacha i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta agus thráchtála. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh úsáid na nuatheicneolaíochtaí cur lena chinntiú go mbíonn imeachtaí trasteorann níos tapa agus níos saoire.

17. Ba cheart go mbeadh torthaí an idirphlé sin, agus iad bunaithe ar an bprionsabal *'nach ndéanfar aon ní a chomhaontú go dtí go ndéanfar gach uile ní a chomhaontú'*, a bheith mar threoir stiúrtha d'obair bhreise ar na tograí.

18. Ós amhlaidh atá agus an tuiscint ann go bhfuil gá le tuilleadh anailíse ar mheastachán na gcostas, tá an Uachtaránacht ag iarraidh ar an gComhairle díospóireacht bheartais a bheith acu maidir leis na saincheisteanna seo a leanas:

a) Ar cheart digitiú an chomhair bhreithiúnaigh i gcomhthéacs doiciméid a sheirbheáil/fianaise a ghlacadh a bhunú ar chóras díláraithe TF lena gcuimsítear córais náisiúnta idirnasctha TF?

b) Ar cheart do thabhairt isteach agus úsáid a leithéid de chóras TF a bheith mar cheanglas ar na Ballstáit, in éineacht le hidirthréimhse níos faide agus é faoi réir fáil a bheith ar chóras cúil bogearraí tagartha do chur chun feidhme a chuirfeadh an Coimisiún ar fáil? Má tá úsáid éigeantach le bheith i gceist, cé na cásanna inar cheart modhanna cumarsáide eile a cheadú, agus cé chomh forleathan a cheadófaí iad?

c) An é e-CODEX an réiteach bogearraí is ceart a úsáid don chóras díláraithe TF?